AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2024
COM(2024) 593 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

An tOchtú Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc

Clár

1. Réamhrá 0
1.1. An Tuirc agus géarchéim na ndídeanaithe 1
1.2. Freagairt an Aontais ar an ngéarchéim agus bunú na Saoráide 3
2. Feidhmiú na Saoráide 4
3. Acmhainneacht airgeadais, fad agus cineál an chistithe 5
4. Cur chun feidhme na Saoráide 6
5. Faireachán, meastóireacht agus iniúchadh 14
6. Cumarsáid agus infheictheacht 15
7. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile 16

1. Réamhrá

Faoi Airteagal 8 (1) den Chinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015[1] maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú trí shásra comhordúcháin (‘an Cinneadh’), ní mór don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme na Saoráide do Dhídeanaithe sa Tuirc (‘an tSaoráid’). Faoi Airteagal 8 (2) den Chinneadh, ní mór don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na Saoráide. Foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tSaoráid i mí an Mhárta 2017[2]. Is féidir gach tuarascáil bhliantúil a fháil ar shuíomh gréasáin na Saoráide do Dhídeanaithe. Ba é mí Feabhra 2024 an scoithdháta le haghaidh na tuarascála seo.

1.1. An Tuirc agus géarchéim na ndídeanaithe

Mar gheall ar a suíomh geografach, is tír thábhachtach ghlactha agus idirthurais le haghaidh dídeanaithe agus imirceach í an Tuirc. I mí Eanáir 2024, de réir na sonraí a chuir rialtas na Tuirce ar fáil, d’óstáil an tír 3 199 927 Siriach a bhí faoi chosaint shealadach agus níos mó ná 300 000 dídeanaí agus iarrthóir tearmainn cláraithe, ón Afganastáin, ón Iaráic, ón Iaráin agus ón tSomáil den chuid is mó[3] [4]. Tá an líon mór sin daoine tar éis tionchar nach beag a imirt ar na pobail óstacha. An t-easáitiú fadtréimhseach i gcás dídeanaithe ón tSiria agus an méadú atá ag teacht ar an líon imirceach neamhrialta ón Afganastáin sa Tuirc, is dúshláin iad atá ag dul i méid don chomhtháthú sóisialta idir dídeanaithe, imircigh agus pobail óstacha. An tráth céanna, tá brú fós ann feadh na teorann idir an Tuirc agus an Iaráin.

Tá iarrachtaí an-mhór á ndéanamh ag an Tuirc fós chun dídeanaithe agus imircigh a óstáil agus chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais, agus tá sí tar éis a tiomantas a athdhearbhú maidir leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 18 Márta 2016[5] (‘an Ráiteas’) a chur chun feidhme. Leis an Ráiteas, leanadh de thorthaí nithiúla a bhaint amach in 2023. Mar sin féin, cé go bhfuil na figiúirí fós níos ísle ná na figiúirí a bhí ann roimh an Ráiteas, tháinig méadú ar an líon imirceach neamhrialta a tháinig isteach sa Ghréig, go háirithe ar muir, agus

[1]Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24.11.2015 maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú trí shásra comhordúcháin — an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, arna leasú le Cinneadh C(2016)855 ón gCoimisiún an 10.2.2016.

[2] 9dc8736f-c734-48be-8678-aca919a6a1bf_ga (europa.eu)

[3] https://en.goc.gov.tr/irregular-migration

[4]Sainghné de chóras tearmainn na Tuirce is ea gur faoi réir forchoimeádais a shínigh an tír Prótacal Nua-Eabhrac 1967 de Choinbhinsiún na Ginéive 1951. Dá réir sin, i gcás fhormhór mór na ndídeanaithe sa Tuirc, ní ar stádas dídeanaí lánfheidhme is féidir leo iarratas a dhéanamh ach ar stádas ‘Dídeanaí Choinníollaigh’ amháin, stádas lena gcuirtear teorainn, má dheonaítear é, leis an tréimhse fanachta sa tír go dtí an tráth a dhéantar dídeanaí aitheanta a ‘athlonnú chuig tríú tír’.

[5] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2016/03/18/eu-turkey-statement/

tháinig laghdú mór ar an líon imirceach a tháinig isteach san Iodáil agus i gcríoch na Cipire atá faoi rialú an rialtais[6].

Leanadh den scéim athlonnaithe ‘duine in aghaidh an duine’ a chur chun feidhme faoin Ráiteas. Idir mí Aibreáin 2016 agus mí Eanáir 2024, rinneadh beagnach 41 000 dídeanaí ón tSiria a athlonnú ón Tuirc go dtí an tAontas. Ó bhí 2016 ann, faoin Ráiteas, rinneadh 2 140 imirceach a chur ar ais nó a fhilleadh ó oileáin na Gréige go dtí an Tuirc. Ós rud é nach ndearna údaráis na Tuirce a gcinneadh ó mhí an Mhárta 2020 a chúlghairm chun oibríochtaí um fhilleadh faoin Ráiteas a chur ar fionraí i ngeall ar phaindéim COVID-19, níor tharla aon oibríocht um fhilleadh ó shin d’ainneoin iarrataí arís agus arís eile ón gCoimisiún Eorpach agus ó údaráis na Gréige.

Chomhaontaigh Comhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair 2020 clár oibre dearfach idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a sheoladh. Sainaithníodh ceithre réimse tosaíochta: i) feabhas a chur ar fheidhmiú an Aontais Custaim agus pléití a athsheoladh maidir lena nuachóiriú; ii) an imirce agus tacaíocht do dhídeanaithe; iii) idirphléití ardleibhéil; iv) teagmhálacha idirphearsanta agus soghluaisteacht. D’athdhearbhaigh Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2021 go bhfuil an tAontas réidh le dul i mbun plé leis an Tuirc ar bhealach céimnithe comhréireach in-aisiompaithe chun an comhar a fheabhsú i roinnt réimsí leasa choitinn, faoi réir na gcoinníollachtaí seanbhunaithe a leagadh amach i mí an Mhárta 2021 agus i gconclúidí eile ón gComhairle Eorpach roimhe seo. Leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach an 29 Samhain 2023, tugadh aghaidh ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach an 29 go dtí an 30 Meitheamh 2023 ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún chun tuarascáil ar staid an phlé a thíolacadh i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc. Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach sin cuireadh roinnt tograí ar aghaidh chun borradh a chur faoin gcaidreamh déthaobhach, lena n-áirítear i réimse an bhainistithe imirce agus i réimse na tacaíochta airgeadais do dhídeanaithe agus do phobail óstacha. Tionóladh idirphlé ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc maidir leis an imirce agus an tslándáil in Ankara i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tionóladh idirphlé eile sa Bhruiséil i mí na Samhna 2023. Chuir an Coimisiún Eorpach an plean gníomhaíochta maidir leis an Meánmhuir Thoir[7] i láthair an 18 Deireadh Fómhair 2023 i gcomhréir leis na treoirlínte ón gComhairle Eorpach, ar plean é lena ndírítear ar fheabhas a chur ar an mbainistiú imirce i gcomhar leis na príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais, an Tuirc san áireamh.

<u>Creathanna Talún sa Tuirc agus sa tSiria - Mí Feabhra 2023</u>

An 6 Feabhra, bualadh an Tuirc leis na creathanna talún ba láidre sa réigiún le breis agus 100 bliain, agus bhí líon an-ard básanna, gortuithe agus damáiste do mhaoin ann. Ba phras

[6]Idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2023, tháinig 39 619 n-imirceach neamhrialta isteach san Aontas ón Tuirc i gcomparáid le 34 459 n-imirceach a tháinig isteach le linn na tréimhse céanna in 2022 – méadú 15 %. Tháinig laghdú mór (63 %) ar úsáid an bhealaigh ar muir go dtí an Iodáil. Mar sin féin, in 2023 ar an iomlán, tháinig méadú níos mó ná trí oiread (210 %) ar an líon imirceach neamhrialta a tháinig isteach sa Ghréig ar muir i gcomparáid le 2022. Tháinig méadú 7 % ar an líon imirceach a tháinig isteach sa Ghréig ar tír freisin. An tráth céanna, tháinig laghdú 42 % ar an líon imirceach a tháinig isteach sa Chipir tríd an Líne Ghlas idir mí Eanáir agus mí Mheán Fómhair 2023, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022.

[7] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_6014

mar a chuir an tAontas tacaíocht ar fáil tar éis na gcreathanna agus d'eagraigh sé comhdháil deontóirí an 20 Márta sa Bhruiséil chun cistí a shlógadh ón gcomhphobal idirnáisiúnta mar thacaíocht do phobal na Tuirce agus na Siria, trí iomlán EUR 7 mbilliún i ngealltanais, lena n-áirítear gealltanais le haghaidh an 1.7 milliún dídeanaí sna limistéir dá ndearnadh difear. Faoi ghealltanas an Aontais maidir le creathanna talún, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh maoiniúcháin an 20 Nollaig 2023, lenar slógadh EUR 355.6 milliún san iomlán ón leithdháileadh EUR 3 bhilliún de chúnamh breise do dhídeanaithe a comhaontaíodh le haghaidh 2021 go 2023 (féach an bosca thíos).

Is é is aidhm don chéad bheart, ar fiú EUR 115.6 milliún é, an bonneagar sláinte agus oideachais a neartú chun feabhas a chur ar an inrochtaineacht do dhídeanaithe agus do phobail óstacha a ndearna na creathanna talún difear dóibh. Déanfar é sin trí 20 saoráid oideachais agus 20 lárionad sláinte príomhúil ar a laghad a thógáil. Tá sé d'aidhm ag an dara beart, ar fiú EUR 240 milliún é, borradh a chur faoin tacaíocht shocheacnamaíoch, an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus forbairt bonneagair a chothú sa Tuirc.

1.2. Freagairt an Aontais ar an ngéarchéim agus bunú na Saoráide

Mar fhreagra ar an iarraidh ó Bhallstáit an Aontais ar chistiú breise nach beag chun tacú le dídeanaithe sa Tuirc, bhunaigh an Coimisiún an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc trí bhíthin an Chinnidh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015, arna leasú an 10 Feabhra 2016[8] agus arís an 14 Márta agus an 24 Iúil 2018. Is sásra í an tSaoráid chun slógadh na n-acmhainní a chomhordú, arb acmhainní iad a chuirtear ar fáil faoi bhuiséad an Aontais agus faoi ranníocaíochtaí breise ó na Ballstáit, agus comhtháthaítear i mbuiséad an Aontais iad mar ioncam sannta seachtrach. Rinne na Ballstáit gealltanas polaitiúil chun ranníocaíochtaí náisiúnta a sholáthar mar chuid den Chomhthuiscint idir Ballstáit an Aontais agus an Coimisiún Eorpach, a glacadh an 3 Feabhra 2016, agus a tugadh cothrom le dáta nuair a comhaontaíodh an dara tráinse den tSaoráid[9]. Bunaíodh creat coinníollachta leis an gComhthuiscint freisin.

An 18 Márta 2016, d'athdhearbhaigh Cinn Stáit agus Rialtais an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce a ngealltanas maidir leis an bPlean Comhpháirteach Gníomhaíochta a chur chun feidhme agus chomhaontaigh siad bearta breise lena ndírítear ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc a dhoimhniú agus ar aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim imirce[10]. D'aithin an Tuirc agus an tAontas go raibh gá le tuilleadh iarrachtaí tapa diongbháilte. Go sonrach, sa Ráiteas ón Aontas agus ón Tuirc, iarradh go gcuirfí deireadh leis an imirce neamhrialta ón Tuirc go dtí an tAontas trí shamhail ghnó na smuigléirí daoine a bhriseadh agus trí rogha eile a thabhairt d'imircigh seachas a mbeatha a chur i mbaol, agus go gcuirfí dlús le cur chun feidhme na Saoráide.

[8] https://home-affairs.ec.europa.eu/news/eu-action-plan-eastern-mediterranean-migration-2023-10-18_ga
[9] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11329-2018-INIT/en/pdf
[10] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2016/03/18/eu-turkey-statement/

Leithdháileadh EUR 3 bhilliún san iomlán ar an gcéad tráinse den tSaoráid (2016 go 2017)[11], agus cuireadh EUR 3 bhilliún breise ar fáil don dara tráinse (2018 go 2019), rud a d'fhág go raibh EUR 6 bhilliún in iomlán na Saoráide. Tar éis an chruinnithe sin, níorbh fhada gur chuir an Coimisiún na chéad tionscadail amach ar conradh. Faoin 31 Nollaig 2020, bhí leithdháileadh oibríochtúil iomlán na Saoráide curtha amach ar conradh ag an gCoimisiún, agus faoi dheireadh 2023 bhí breis agus EUR 5.3 billiún eisíoctha.

2. Feidhmiú na Saoráide

Is sásra comhordúcháin í an tSaoráid lenar féidir cúnamh ón Aontas a shlógadh le haghaidh dídeanaithe sa Tuirc ar bhealach tapa éifeachtach éifeachtúil, agus bainistíocht fhónta airgeadais á háirithiú san am céanna. Áirithítear leis an tSaoráid go ndéantar ionstraimí maoinithe an Aontais atá ann cheana a shlógadh ar bhonn optamach, mar chúnamh daonnúil agus/nó cúnamh forbraíochta, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndídeanaithe agus na bpobal óstach ar bhealach cuimsitheach comhordaithe[12].

Soláthraíonn an Coiste Stiúrtha um an tSaoráid do Dhídeanaithe treoraíocht straitéiseach maidir leis na tosaíochtaí, na cineálacha gníomhaíochtaí a dtacófar leo, na méideanna a bheidh le leithdháileadh agus na hionstraimí maoinithe a bheidh le slógadh agus – nuair is iomchuí – maidir leis na coinníollacha a bhaineann le cur chun feidhme ghealltanais na Tuirce faoin bPlean Comhpháirteach Gníomhaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc 29 Samhain 2015 ('an Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta')[13]. In 2023, an 8ú bliain de chur chun feidhme na Saoráide, tionóladh aon chruinniú amháin den Choiste Stiúrtha an 5 Iúil.

Tá tábhacht ag baint le hinbhuanaitheacht thionscadail na Saoráide agus le comhúinéireacht údaráis na Tuirce. Déantar réimsí tosaíochta le haghaidh cúnaimh a bhunú ar mheasúnú cuimsitheach neamhspleách ar riachtanais, a tugadh cothrom le dáta in 2018.

Leis an tSaoráid, déantar maoiniú ó na hionstraimí maoinithe sheachtraigh seo a leanas á chomhordú[14]: i) cabhair dhaonnúil; ii) an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta; iii) an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt; iv) an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA); agus v) an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin. Na bearta a mhaoinítear le buiséad an Aontais, déantar iad i gcomhréir lena rialacha agus lena rialacháin

[11]Cuireadh na EUR 3 bhilliún sin ar fáil sa bhreis ar an EUR 345 mhilliún a leithdháil an Coimisiún ar an Tuirc cheana mar fhreagairt ar an ngéarchéim dídeanaithe ón tSiria sular cuireadh tús leis an tSaoráid, agus sa bhreis ar chúnamh déthaobhach na mBallstát.

[12] Cinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún an 24.11.2015, Airteagal 2 – Cuspóirí na Saoráide.

[13]Féach Airteagal 5 (1) de Chinneadh C(2015) 9500 ón gCoimisiún, arna leasú le Cinneadh C(2016)855 ón gCoimisiún.

[14]Rinneadh ranníocaíochtaí na hIonstraime Eorpaí Comharsanachta agus na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF) a aistriú chuig an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus chuig an gCiste Iontaobhais Eorpach, faoi seach, agus ba fúthu sin a cuireadh na ranníocaíochtaí chun feidhme. I bprionsabal, i gcás ranníocaíochtaí uile na Saoráide le Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria (ó IPA agus ar bhonn níos lú, ó ICF), cuireadh chun feidhme iad mar chabhair neamhdhaonnúil.

airgeadais is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach araon. Coinníoll de chur chun feidhme an chúnaimh is ea an Tuirc cloí docht leis na gealltanais sa Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta agus sa Ráiteas.

3. Acmhainneacht airgeadais, fad agus cineál an chistithe

Is é EUR 6 bhilliún an buiséad iomlán atá á chomhordú leis an tSaoráid, agus é á shlógadh ina dhá thráinse. Déanfar na tionscadail faoin gcéad tráinse agus faoin dara tráinse go dtí lár 2025 ar a dhéanaí agus roinnt mhaith tionscadal faoin gcéad tráinse, tá siad tugtha i gcrích cheana féin agus tá formhór na dtionscadal sceidealaithe le críochnú níos luaithe. Ar bhonn eisceachtúil, mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh síneadh leis an tréimhse cur chun feidhme i gcás tionscadail faoi Bheart Speisialta 2016 (EUR 1.6 billiún), agus fágann sin gur féidir leis na tionscadail uile lena mbaineann a gcuspóirí sonraithe a bhaint amach.

EUR 3 bhilliún a bhí sa chéad tráinse, ar slógadh EUR 1 bhilliún de ó bhuiséad an Aontais agus ar soláthraíodh EUR 2 bhilliún de i bhfoirm ranníocaíochtaí déthaobhacha ó na Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, EUR 3 bhilliún a bhí sa dara tráinse, ar soláthraíodh EUR 2 mhilliún de ó bhuiséad an Aontais agus EUR 1 bhilliún de ó na Ballstáit[15].

Maidir le hacmhainní buiséid an Aontais, as an EUR 1 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh 2016 go 2017, rinneadh EUR 250 milliún a shlógadh in 2016 agus EUR 750 milliún in 2017. As an EUR 2 bhilliún ó bhuiséad an Aontais le haghaidh 2018 go 2019, rinneadh EUR 550 milliún a shlógadh in 2018 agus slógadh an t-iarmhéid in 2019.

Maidir le ranníocaíochtaí na mBallstát, le haghaidh an chéad tráinse, ranníoc na Ballstáit EUR 677 milliún leis an tSaoráid in 2016, EUR 847 milliún in 2017, EUR 396 mhilliún in 2018 agus EUR 80 milliún in 2019. Maidir leis an dara tráinse, ranníoc na Ballstáit EUR 68 milliún in 2018, EUR 202 mhilliún in 2019, EUR 265 mhilliún in 2020, EUR 166 mhilliún in 2021, EUR 165 mhilliún in 2022, agus na híocaíochtaí deireanacha dar luach EUR 134 mhilliún in 2023. Rinneadh ranníocaíochtaí na mBallstát go díreach le Buiséad an Aontais i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh[16] agus sannadh iad do línte buiséid na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais agus na hIonstraime um Chabhair Dhaonnúil.

[15] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2018/06/29/facility-for-refugees-in-turkey-member-states-agree-details-of-additional-funding/

[16] Ioncam seachtrach de bhun Airteagal 21(2)(b) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1) le haghaidh ranníocaíochtaí in 2016 agus go dtí an 1 Lúnasa 2018 agus de bhun Airteagal 21(2)(a)(ii) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Tá meaitseáil shásúil ann fós idir an ráta ag a bhfuil na Ballstáit ag íoc ranníocaíochtaí *isteach* sa tSaoráid agus ráta na n-eisíocaíochtaí a bhíonn á maoiniú ag na ranníocaíochtaí sin *ón* tSaoráid.

Faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, cuireadh EUR 19.5 milliún i leataobh mar mhaolán le haghaidh cistiú féideartha mar fhreagairt ar an bplódú dídeanaithe nua ón tSiria in 2019. Ós rud é nár úsáideadh an maolán, cuireadh an méid sin amach ar conradh in 2020 chun gníomhaíochtaí sláinte agus cosanta a chumhdach, agus leis sin tugadh an cleachtadh clársceidealaithe le haghaidh an dara tráinse i gcrích.

Faoin 31 Nollaig 2020, bhí an Coimisiún tar éis leithdháileadh oibríochtúil iomlán na Saoráide a chur amach ar conradh. As iomlán EUR 6 bhilliún, eisíocadh díreach os cionn EUR 5.3 billiún faoi dheireadh 2023.

Cúnamh breise ón Aontas do dhídeanaithe sa Tuirc lasmuigh de chreat na Saoráide

In 2020, leithdháil an Coimisiún méid breise dar luach EUR 535 mhilliún chun tacú le gníomhaíochtaí daonnúla sa Tuirc lasmuigh de chreat na Saoráide. An cúnamh sin do dhídeanaithe, díríodh é ar bhunriachtanais, ar chosaint, ar oideachas agus ar chúram sláinte agus tá sé curtha amach ar conradh agus eisíoctha go hiomlán.

Lean an treocht sin ar aghaidh in 2021. Mar thoradh ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh na bliana sin, rinne an Coimisiún EUR 3 bhilliún a shlógadh do dhídeanaithe agus do phobail óstacha sa Tuirc le haghaidh 2021 go 2023. Is é is aidhm don chistiú sin a áirithiú go leanfar de phríomh-idirghabhálacha na Saoráide i réimsí tosaíochta na cabhrach daonnúla, na mbunriachtanas, an oideachais agus na sláinte, agus sa bhainistiú imirce agus sa rialú teorann. Áirítear leis freisin EUR 150 milliún faoi ionstraimí AS HOME atá ann go príomha chun tacú le hiarrachtaí athlonnaithe go Ballstáit an Aontais ón Tuirc, ach mar aon leis sin chun tacú le hiarrachtaí bainistithe imirce, bainistithe teorainneacha agus frithsmuigleála. Áirítear leis freisin EUR 14.4 milliún faoi bheart tacaíochta a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024.


I mí Feabhra 2024, chinn an Chomhairle Eorpach méid breise dar luach EUR 2 bhilliún a leithdháileadh chun comhar éifeachtach imirce a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an tacaíocht do dhídeanaithe ón tSiria sa Tuirc go dtí 2027. Ina theannta sin, in 2024, leithdháil an Coimisiún EUR 520 milliún chun a áirithiú go leanfaí den chúnamh, móide EUR 480 milliún a aistríodh ón leithdháileadh cúnaimh do dhídeanaithe le haghaidh 2025.

Ó bhí 2011 ann, ba é luach EUR 12.5 billiún cúnamh iomlán an Aontais a leithdháileadh ar dhídeanaithe sa Tuirc. Áirítear leis sin EUR 345 mhilliún i gcúnamh do dhídeanaithe a slógadh idir 2011 agus 2016, na EUR 6 bhilliún faoin tSaoráid, EUR 535 mhilliún i gcistiú idirlinne in 2020, EUR 3 bhilliún i gcistiú breise ó 2021 go 2023, EUR 520 milliún in 2024 agus EUR 2 bhilliún sa bhreis go dtí 2027.

4. Cur chun feidhme na Saoráide

Cuirtear an tSaoráid chun feidhme i bhfoirm cúnaimh dhaonnúil agus forbraíochta. Faoin gcéad tráinse, rinneadh thart ar EUR 1.4 billiún agus EUR 1.6 billiún a leithdháileadh ar na snáitheanna, faoi seach. I bhfianaise a fhadtréimhsí atá géarchéim na Siria, díríodh na hidirghabhálacha faoin dara tráinse níos mó agus níos mó ar ghníomhaíochtaí tacaíochta socheacnamaíche agus ar dheiseanna slí beatha a chruthú. Faoin dara tráinse, leithdháileadh EUR 1.04 billiún ar chúnamh daonnúil, agus EUR 1.9 billiún ar chúnamh forbraíochta[17].

Maidir leis an tSaoráid ar an iomlán, déantar an cúnamh daonnúil agus an cúnamh forbraíochta a mhiondealú mar a leanas:



Le haghaidh na mionsonraí iomlána, féach tábla na dtionscadal ar líne[18].

Tá an cúnamh a chuirtear ar fáil faoin tSaoráid bunaithe ar thionscadail. Braitheann na heisíocaíochtaí ar an dul chun cinn atá déanta maidir le hidirghabhálacha na Saoráide a dhéanamh.

Dírítear aird ar leith ar dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn nach as an tSiria dóibh. Tá sé d'aidhm ag idirghabhálacha na Saoráide i gcónaí rannpháirtíocht a lorg ó na pobail áitiúla a mbíonn dídeanaithe á n-óstáil acu.

Is é is aidhm don **chúnamh daonnúil** faoin tSaoráid cuidiú leis na dídeanaithe is leochailí trí thacaíocht dhíniteach a sholáthar lena dtugtar aghaidh ar bhunriachtanais agus ar chosaint. Tugtar aghaidh leis freisin ar bhearnaí trí ghníomhaireachtaí agus comhpháirtithe speisialaithe in earnálacha na sláinte agus an oideachais i gcásanna éigeandála. Bíonn soláthar chabhair dhaonnúil an Aontais á treorú ag an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil 2007[19], ina leagtar síos gur cheart don Aontas, mar ghníomhaí daonnúil, cloí le prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar a leagtar amach iad in Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil (Uimh. 1257/96)[20] [21].

[17]An t-iarmhéid de EUR 60 milliún, leithdháiltear é ar an tacaíocht riaracháin agus oibríochtúil a chuirtear ar fáil maidir le cur chun feidhme na Saoráide.

[18] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/turkiye/eu-support-refugees-turkiye_ga

[19]Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát.

[20]Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil.

Faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, cuireadh 65 thionscadal san iomlán chun feidhme trí 21 chomhpháirtí faoin gcéad tráinse agus faoin dara tráinse araon. Leis na tionscadail sin, cumhdaítear an fhreagairt ar bhunriachtanais, cosaint, oideachas agus sláinte le haghaidh na ndídeanaithe is leochailí sa Tuirc. Faoin gcéad tráinse, rinneadh thart ar EUR 1.4 billiún i gcúnamh daonnúil a leithdháileadh agus a chur amach ar conradh agus eisíocadh EUR 1.3 billiún, agus faoin dara tráinse, cuireadh EUR 1.04 billiún amach ar conradh agus faoin 31 Eanáir 2023, bhí EUR 1.035 mhilliún eisíoctha.

Tríd an **gcúnamh forbraíochta** tacaítear leis na riachtanais fhadtéarmacha i réimsí shláinte, oideachas agus fhorbairt shocheacnamaíoch na ndídeanaithe, go háirithe i dtéarmaí rochtain ar sheirbhísí poiblí agus deiseanna slí beatha, chomh maith le bonneagar bardasach. Dírítear leis freisin ar ghrúpaí leochaileacha agus cuimsítear gné inscne sna hidirghabhálacha a dhéantar faoin gcúnamh sin, e.g. cosaint na mban agus na gcailíní ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe.

Faoi shnáithe forbraíochta na Saoráide, leanadh de dhul chun cinn maith a dhéanamh maidir le 26 thionscadal a cuireadh ar conradh faoin gcéad tráinse a chur chun feidhme. As measc na dtionscadal sin, cuireadh 15 díobh chun feidhme faoi Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria ar mhéid iomlán EUR 293 mhilliún, sa bhreis ar an leithdháileadh a bhainistítear go díreach tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais[22].

Rinneadh beagnach EUR 2.9 billiún a eisíoc le comhpháirtithe cur chun feidhme as méid iomlán EUR 3.5 billiún a leithdháileadh ar chúnamh forbraíochta faoin dá thráinse den tSaoráid[23]. Tá 17 gconradh i snáithe forbraíochta na Saoráide.

In 2023, lean an boilsciú an-ard sa Tuirc de dhifear a dhéanamh do chur chun feidhme na Saoráide mar aon leis na dúshláin a bhaineann leis an ráta malairte. I ngeall ar an méid sin, ba ghá raon feidhme roinnt tionscadal a laghdú, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an líon saoráidí a tógadh.

Idirghabhálacha de chuid na Saoráide de réir réimse tosaíochta

Sna Tuarascálacha Faireacháin leathbhliantúla maidir leis an tSaoráid, tugtar tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta de réir réimse tosaíochta maidir le soláthar an chúnaimh arna mhaoiniú faoin dá thráinse den tSaoráid[24].

---

[21]Tá cabhair dhaonnúil an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar phleananna cur chun feidhme daonnúla tírshonracha ar bhonn bliantúil. An creat maidir le comhar idir an Coimisiún agus a chomhpháirtithe i réimse na cabhrach daonnúla, bunaítear é le Creat-Chomhaontuithe Airgeadais agus Riaracháin an Choimisiúin le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus lena Chreat-Chomhaontuithe Comhpháirtíochta le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

[22]Déantar cistí ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais faoin tSaoráid a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le gníomhaíocht sheachtrach atá i dTeideal IV de chuid a dó den Rialachán Airgeadais agus ina Rialacha Cur i bhFeidhm.

[23]Áirítear san fhigiúr sin freisin eisíocaíochtaí faoi thionscadail a chuir Ciste Iontaobhais Réigiúnaigh an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria chun feidhme, ar eisíocaíochtaí iad nár gearradh ar bhuiséad an Aontais go fóill.

Baineadh éachtaí móra amach maidir le cúnamh a thabhairt do dhídeanaithe agus do phobail óstacha sna réimsí tosaíochta seo a leanas:

Oideachas

Leithdháileadh EUR 2 bhilliún san iomlán ar thacaíocht oideachais faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe.

Ina theannta sin, faoi shnáithe daonnúil na Saoráide, rinneadh breis agus EUR 181 mhilliún a leithdháileadh ar an oideachas. Leis an Aistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais, tacaítear le rollú scoile agus le freastal scoile dídeanaithe linbh trí íocaíochtaí míosúla a sholáthar do theaghlaigh ar dídeanaithe iad ar choinníoll go bhfreastalaíonn na daltaí ar an scoil go tráthrialta. Comhpháirt airgid thirim an chláir um Aistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais, cistíodh í faoin snáithe daonnúil go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022 agus leanadh de ghníomhaíochtaí tacaíochta acmhainneachta le haghaidh aistriú rianúil go dtí mí na Nollag 2022. Aistríodh an clár chuig an snáithe forbraíochta i mí Dheireadh Fómhair 2022. In 2023, leis an gclár um Aistriú Airgid Coinníollach le haghaidh Oideachais VI, leanadh d'aistrithe tráthrialta airgid thirim a chur ar fáil do theaghlaigh thart ar 500 000 leanbh, rud a chuir é ar a gcumas dóibh freastal ar scoil.

Maidir le deontas díreach suaitheanta na Saoráide (Oideachas Ionchuimsitheach do Leanaí i gCóras Oideachais na Tuirce a Chur Chun Cinn - PIKTES II[25]) dar luach EUR 400 milliún a bhí á chur chun feidhme ag an Aireacht Oideachais Náisiúnta, cuireadh deireadh leis i mí Eanáir 2023. Ina dhiaidh sin bunaíodh an tionscadal nua PIKTES+[26] a bhfuil buiséad iomlán EUR 300 milliún ag gabháil leis a maoiníodh faoi chúnamh breise do dhídeanaithe sa Tuirc.

San oideachas, ba í an aidhm fhoriomlán i gcónaí na dídeanaithe linbh uile a lánpháirtiú i gcóras foirmiúil na Tuirce, agus an méid sin á chomhlánú trí theagmháil a dhéanamh le leanaí nach bhfuil sa chóras scoile agus trí chonair shábháilte foghlama a chruthú, chomh maith le feabhas a chur ar thorthaí foghlama. Ó mhí Mheán Fómhair 2023, don bhliain acadúil 2023-2024, cláraíodh beagnach 750 000 dídeanaí linbh sa chóras oideachais fhoirmiúil (lena n-áirítear réamhscoil) sna 29 gcúige a bhfuil an daonra is mó dídeanaithe iontu ar díríodh orthu leis an gclár PIKTES+.

An líon mac léinn a fuair scoláireachtaí le tacaíocht ón tSaoráid chun freastal ar Oiliúint agus Oideachas Teicneolaíochta agus Gairme nó ar institiúidí ardoideachais, shroich sé 29 049, idir dhídeanaithe agus an pobal óstach araon. Ba dhídeanaithe iad formhór na mac léinn sin. Coinníodh an chothromaíocht inscne ar bun.

Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an tSaoráid fós chun tacú le forbairt bonneagair oideachais agus laghdaíodh róphlódú sna scoileanna. Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir leis an líon saoráidí oideachais a ndearnadh iad a uasghrádú agus a thabhairt chun críche. Éacht mór ó thaobh an uasghrádaithe de ab ea 8 700 clár cliste a shuiteáil i mbunscoileanna agus i

[24] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/enlargement-policy/negotiations-status/turkey/eu-facility-refugees-turkey_ga

[25] Lánpháirtiú Leanaí ón tSiria sa Chóras Oideachais a Chur Chun Cinn II (PIKTES II).

[26] Oideachas Ionchuimsitheach do Leanaí i gCóras Oideachais na Tuirce a Chur Chun Cinn (PIKTES+).

meánscoileanna. Go dtí seo, tá uasghrádú déanta ar os cionn 12 000 saoráid le tacaíocht ón tSaoráid.

Ina theannta sin, faoin tionscadal um Oideachas do Chách le linn Géarchéimeanna agus faoin tionscadal um Bonneagar Oideachais don Athléimneacht, tógadh 175 scoil agus cuireadh tús le seirbhísí oideachais iontu. Ina theannta sin, leis na painéil ghréine dín atá suiteáilte i scoileanna, gintear cumhacht do 50 scoil agus rinneadh bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh maidir le 41 scoil.

In 2023, leithdháil an tAontas EUR 65.6 milliún chun cuidiú leis an mbonneagar oideachais sa Tuirc a atógáil, go háirithe tar éis chreathanna talún mhí Feabhra 2023. Is é is aidhm don mhaoiniú sin rochtain ar oideachas a mhéadú do dhídeanaithe agus do phobail óstacha araon, go sonrach trí 20 saoráid oideachais bhreise ar a laghad a thógáil. Le dhá thionscadal deontais ar fiú EUR 20 milliún san iomlán iad, cuirtear scoláireachtaí agus seirbhísí gaolmhara ar fáil do mhic léinn ar dídeanaithe iad agus do mhic léinn ó phobail óstacha atá i mbun staidéar fochéime/iarchéime. Cuireadh tús leis na tionscadail i mí Eanáir 2023 agus ba cheart iad a bheith i bhfeidhm ar feadh 3 bliana.

Cosaint

Tá thart ar EUR 326 mhilliún san iomlán leithdháilte ar an tacaíocht um chosaint faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe, trí bhíthin tionscadail faoin snáithe daonnúil den chuid is mó.

Le snáithe daonnúil na Saoráide, tacaíodh le clárú agus fíorú dídeanaithe chun a stádas sa Tuirc a thabhairt chun rialtachta agus chun cuidiú leo rochtain a fháil ar sheirbhísí. Go sonrach, faoin snáithe sin tacaíodh le hiarrachtaí clárúcháin Uachtaránacht na Tuirce um Bainistiú Imirce agus neartaíodh a hacmhainneacht institiúideach agus theicniúil. I dteannta idirghabhálacha cosanta neamhspleácha arb é is aidhm dóibh bearnaí a líonadh agus freagairt ar riachtanais shonracha agus freastal ar dhaoine atá i mbaol, rinneadh an chosaint a phríomhshruthú i gcolúin eile de chuid na straitéise freagartha daonnúla freisin (bunriachtanais, sláinte agus oideachas). Is é an aidhm fhoriomlán aghaidh a thabhairt ar leochaileacht dídeanaithe ar bhealach níos fearr, a stádas a thabhairt chun rialtachta agus iad a nascadh le líonra níos leithne de sheirbhísí poiblí agus de sheirbhísí de chuid na Náisiún Aontaithe/eagraíochtaí neamhrialtasacha. Le linn na tréimhse tuairiscithe, leanadh leis an gcúnamh a dhíriú ar na grúpaí ba leochailí (e.g. oibrithe imirceacha talmhaíochta séasúracha, príomhghrúpaí dídeanaithe). Ina theannta sin, i measc na dtionscadal a maoiníodh trí Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria, áiríodh cúnamh d'ionaid phobail ina nglactar dídeanaithe agus chun tuilleadh atreoraithe a dhéanamh chuig seirbhísí leordhóthanacha i gcás dídeanaithe leochaileacha.

Faoi shnáithe forbraíochta na Saoráide, rinneadh conradh ag deireadh 2020 maidir le deontas díreach don Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Seirbhísí Sóisialta ar luach EUR 20 milliún agus leanadh leis an mbeart sin. Is é is aidhm don tionscadal feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sóisialta coisctheacha agus cosanta do na dídeanaithe agus do na pobail óstacha is leochailí. Bhí tionchar diúltach tromchúiseach ag na creathanna talún agus aistríodh seirbhísí chuig aonaid shealadacha. Dhírigh an Aireacht Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta ar na

réigiúin a ndearna an crith talún difear dóibh agus bhí uirthi gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta an bhirt a chur siar.

Sláinte

Leithdháileadh EUR 1 bhilliún san iomlán ar thacaíocht cúraim sláinte faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe.

Is é príomhcholún thacaíocht na Saoráide clár oideachais do sholáthraithe cúraim sláinte ar a dtugtar SIHHAT[27], tionscadal arna mhaoiniú le trí leithdháileadh as a chéile: EUR 300 milliún in 2016, EUR 210 milliún in 2020 agus EUR 210 milliún in 2023. Le SIHHAT, tacaítear le hAireacht Sláinte na Tuirce maidir lena hiarrachtaí chun rochtain shaor chothrom ar chúram sláinte a sholáthar do na dídeanaithe uile. Tá 190 lárionad sláinte d'imircigh san iomlán ag feidhmiú in 32 chúige agus thart ar 4 000 pearsanra cúraim sláinte ag obair i saoráidí a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, arb iad 75 % díobh de bhunús na Siria. Mar gheall ar na creathanna talún, cailleadh baill foirne cúraim sláinte agus rinneadh damáiste do 17 lárionad; aistríodh a gcuid seirbhísí chuig aonaid sláinte shealadacha. Tháinig deireadh le cur chun feidhme SIHHAT II ag tús 2024. Le SIHHAT III, áirithítear go leantar de sheirbhísí cúraim sláinte do dhídeanaithe a bhuí le tacaíocht bhreise ón Aontas dar luach EUR 210 milliún.

Tá an dá ospidéal a mhaoinítear faoin tSaoráid – Dörtyol/Hatay agus Kilis – ag feidhmiú go hiomlán ó bhí 2022 ann agus cuireadh seirbhísí cúraim sláinte ríthábhachtacha ar fáil iontu tar éis chreathanna talún 2023, nuair a méadaíodh acmhainneacht an dá ospidéal go 400 leaba. Ina theannta sin, faoin tSaoráid táthar ag tógáil agus ag athchóiriú lárionaid sláinte d'imircigh, ag soláthar trealamh leighis agus fearais mháithreachais agus sláinteachais, agus ag athchóiriú aonaid fisiteiripe agus athshlánúcháin, go comhlántach le SIHHAT. In 2023, cuireadh tús le tógáil ocht n-ionad sláinte agus soláthraíodh 113 earra de threalamh leighis chun leasa níos mó ná 40 ospidéal.

Maidir le tacaíocht dhaonnúil, tá dhá lárionad athshlánúcháin fhisiciúil in Kilis agus Reyhanli/Hatay i gcónaí ag feidhmiú agus ag soláthar seirbhísí amhail fisiteiripe, tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta do dhídeanaithe faoi mhíchumas agus dídeanaithe leochaileacha eile.

Bonneagar bardasach

Leithdháileadh EUR 380 milliún san iomlán ar thacaíocht bonneagair bhardasaigh faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe.

Leis an tSaoráid, tugtar tacaíocht do bhardais éagsúla trí sheirbhísí bardasacha fíor-riachtanacha a sholáthar, lena n-áirítear soláthar uisce, sláintíocht agus bainistiú dramhaíola soladaí. Leis an tSaoráid, tacaítear leis an mbonneagar áitiúil freisin trí sheirbhísí áineasa a sholáthar. Maidir leis na háiseanna áineasa, críochnaíodh 12 áis (páirceanna peile agus cúirteanna leadóige) agus tá 10 gcoimpléasc spóirt á dtógáil faoi láthair. In 2023, cuireadh tús le tionscadail uisce agus fuíolluisce a thógáil i gcúigí Kilis, Şanlıurfa, Gaziantep, Mersin, Mardin, Adıyaman, Malatya agus Hatay.

Bunriachtanais agus tacaíocht shocheacnamaíoch

Leithdháileadh EUR 3.7 billiún san iomlán ar bhunriachtanais agus tacaíocht shocheacnamaíoch faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe.

Is é is aidhm d'idirghabhálacha sa réimse tosaíochta sin a bheith ina gcuidiú le comhlíonadh bhunriachtanais na ndídeanaithe is leochailí, agus a áirithiú go neartófar athléimneacht agus féintuilleamaí na ndídeanaithe. Leis sin ba cheart é a chur ar a gcumas dóibh aistriú de réir a chéile ón spleáchas ar chúnamh sóisialta go dtí féintuilleamaí méadaithe agus deiseanna méadaithe slí beatha.

Faoi chúnamh na Saoráide maidir le bunriachtanais, tá tacaíocht dhíreach faighte ag níos mó ná 2.6 milliún dídeanaí, rud a fhágann gur féidir leo maireachtáil faoi dhínit. Go dtí mí Iúil 2023, cuireadh an chuid is mó den tacaíocht ar fáil tríd an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála, ar clár cúnaimh shóisialta é lena soláthraítear airgead tirim míosúil trí chóras cárta dochair do níos mó ná 1.6 milliún dídeanaí is tairbhí. I mí Iúil 2023, síníodh an clár nua cúnaimh airgid thirim 'Líonra Sábhála Sóisialta do Dhídeanaithe sa Tuirc' (EUR 781 mhilliún) leis an Aireacht Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta. Is ionann an idirghabháil seo agus aistriú an Líontáin Sábhála Shóisialta Éigeandála ó chabhair dhaonnúil go cúnamh forbraíochta níos fadtéarmaí.

Faoin dara tráinse den tSaoráid, tá cur chun feidhme an deontais dhírigh EUR 245 mhilliún leis an Aireacht Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta beagnach curtha i gcrích. Leis an deontas sin, is féidir tacaíocht airgeadais mhíosúil a sholáthar atá inchomparáide leis an gcúnamh sóisialta a sholáthraítear do dhaoine leochaileacha faoi chóras slándála sóisialta na Tuirce, i.e. an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála Comhlántach. Tosaíodh ar an tionscadal a chur i bhfeidhm i gcomhthráth leis an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála agus soláthraítear leis tacaíocht do theaghlaigh ina bhfuil tuismitheoirí aonair, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas trom. In 2023, áirithíodh leanúnachas na gclár um Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála Comhlántach agus um Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála[28] faoin EUR 3 bhilliún i dtacaíocht bhreise do dhídeanaithe a slógadh le haghaidh 2021 go 2023[29]. Rinneadh an dá chlár a chumasc ó shin sa chonradh aonair um Líonra Sábhála Sóisialta do Dhídeanaithe sa Tuirc.

Tá tacaíocht shocheacnamaíoch bhreise á soláthar fós do dhídeanaithe a bhfuil rochtain acu ar an margadh saothair. Is é is aidhm don tacaíocht sin infhostaitheacht na ndídeanaithe agus na bpobal óstach a mhéadú. Cuirtear gairmoiliúint agus oiliúint scileanna, oiliúint teanga, comhairleoireacht post agus cláir oiliúna ar an láthair oibre ar fáil léi, agus déantar próiseas ceadanna oibre na ndídeanaithe a shimpliú. Cuirtear an tacaíocht sin chun feidhme faoin tionscadal um Thacaíocht Fostaíochta agus faoi na tionscadail um Aistriú chuig an Margadh Saothair (I agus II), arna gcur chun feidhme araon ag an mBanc Domhanda, i gcomhar le

[28]Tá sé beartaithe go nglacfaidh AS NEAR an chéad chéim eile den chlár um Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála ar láimh.

[29] *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le maoiniú an bhirt aonair le haghaidh soláthar tacaíochta airgid thirim do na dídeanaithe is leochailí sa Tuirc le haghaidh 2022 agus 2023 - C(2022) 7822 final* – glacadh é an 4 Eanáir 2022 agus *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le maoiniú an bhirt aonair chun leanúint den tacaíocht le haghaidh bunriachtanas agus aistrithe chuig deiseanna slí beatha do dhídeanaithe sa Tuirc in 2022 – C(2022) 8887* – glacadh é an 7 Nollaig 2022.

Gníomhaireacht Fostaíochta na Tuirce (İŞKUR) in éineacht le hArd-Stiúrthóireacht an Fhórsa Saothair Idirnáisiúnta (AS ILF) de chuid na hAireachta Saothair agus Slándála Sóisialta. I gcomhar le hEagraíocht Forbartha Tionscal Beag agus Meánmhéide na Tuirce (KOSGEB) agus le Banc Forbartha agus Infheistíochta na Tuirce (TKYB), agus faoin tionscadal ENHANCER arna chur chun feidhme ag an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce i gcomhar leis an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta, soláthraítear deontais le haghaidh fiontraithe agus oiliúint san fhiontraíocht do ghnólachtaí nuathionscanta de chuid dídeanaithe ón tSiria agus pobail óstacha agus d'fhiontraithe ón tSiria agus ó phobail óstacha atá ann cheana.

Le tionscadal eile, cuidítear le samhail fiontraíochta sóisialta faoi stiúir ban a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe ginte ioncaim a sholáthar do dhídeanaithe leochaileacha ón tSiria agus mná leochaileacha na Tuirce araon. Tá dhá thionscadal eile ann arb é is aidhm dóibh tacú le fostaíocht sa talmhaíocht. Thairis sin, le tionscadal a chuir Expertise France chun feidhme i gcomhar leis an Aireacht Oideachais Náisiúnta – Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais Theicniúil agus an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna, díríodh ar leanaí a bhíonn ag obair agus ar shaothar leanaí agus cuireadh ar aghaidh chuig oideachas foirmiúil printíseachta iad. Chomhoibrigh an Aireacht Oideachais Náisiúnta – Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais Theicniúil agus an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna leis an mBanc Forbartha Kreditanstalt für Wiederaufbau freisin chun tionscadal eile maidir leis an ngairmoideachas foirmiúil a chur chun feidhme d'fhonn tacú le céimithe óga atá ag dul isteach sa mhargadh saothair trí phoist a fháil dóibh. Ba cheart na tionscadail a bheith ar siúl go dtí lár nó deireadh 2025 ar a dhéanaí.

In 2022 agus 2023, áirithíodh leanúnachas tacaíochta socheacnamaíoch do dhídeanaithe faoin EUR 3 bhilliún i dtacaíocht bhreise do dhídeanaithe a slógadh ó 2021 go 2023. I mí na Nollag 2023, síníodh trí chonradh breise slí beatha le heintitis a ndearnadh measúnú colúin orthu. Thairis sin, in 2023, rinneadh EUR 182.5 milliún a chlársceidealú le haghaidh tacaíocht shocheacnamaíoch i bhfianaise na riachtanas sa réimse tosaíochta sin tar éis chreathanna talún mhí Feabhra 2023 (féach thuas freisin).

Bainistiú imirce

Leithdháileadh EUR 480 milliún san iomlán ar thacaíocht bainistithe imirce faoin tSaoráid agus faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe[30].

Tá dhá thionscadal a maoiníodh faoin gcéad tráinse dar luach EUR 80 milliún san iomlán curtha i gcrích. Chuir an chéad tionscadal tacaíocht ón Aontas ar fáil chun acmhainneacht chuardaigh agus tarrthála gharda cósta na Tuirce a neartú, agus bhí sé d'aidhm ag an dara tionscadal tacú le hUachtaránacht na Tuirce maidir le Bainistiú Imirce[31] agus fillteacha ón Aontas á mbainistiú aici.

Cuireadh tús le trí ghníomhaíocht nua faoin tacaíocht bhreise do dhídeanaithe a bhfuil buiséad iomlán EUR 30 milliún ag gabháil leo. Le ceann de na tionscadail sin, ar cuireadh tús leis i mí

[30]Ní áirítear leis sin EUR 150 milliún arna leithdháileadh faoi ionstraimí HOME.
[31]An Ard-Stiúrthóireacht um Bainistiú Imirce a tugadh uirthi san am sin.

na Bealtaine 2023, leantar d'Uachtaránacht na Tuirce maidir le Bainistiú Imirce a neartú. Cuireadh tús le tionscadal fothaithe acmhainneachta maidir le bainistiú imirce i mí Feabhra 2023 agus cuireadh tús le tionscadal fothaithe acmhainneachta i mí an Mhárta 2023 arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an acmhainneacht agus ar an gcomhar idirghníomhaireachta in aerfoirt. Ina theannta sin, leithdháileadh EUR 220 milliún chun acmhainneacht bainistithe teorainneacha na Tuirce a neartú san oirthear agus san oirdheisceart.

Na gnéithe inscne laistigh de thionscadail faoin tSaoráid

Le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne 'I gcomhar le chéile i dtreo domhan ina bhfuil comhionannas inscne 2021-2025', leantar le cur chun feidhme beart faoin tSaoráid a threorú. Is tosaíochtaí fós in 2023 iad cur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine le haghaidh ban agus cailíní ina n-éagsúlacht uile, comhionannas inscne agus chumhachtú na mban agus na gcailíní. Rinneadh ceisteanna atá bainteach le hinscne a chomhtháthú i dtionscadail uile na Saoráide agus rinneadh faireachán orthu go leanúnach trí shonraí imdhealaithe (76 thráscaire).

Chuir an tSaoráid go mór le hinfhostaitheacht na mban, agus os cionn 26 000 bean a rinne gairmoiliúint ghearrthéarmach scileanna, thart ar 40 000 bean a bhain tairbhe as seirbhísí comhairleoireachta fostaíochta, agus 500 gnólacht faoi úinéireacht ban a fuair tacaíocht chomhairleach nó airgeadais. Chuir an tSaoráid cúrsaí teanga Tuircise ar fáil do mhná ar dídeanaithe iad, agus d'éirigh le thart ar 25 000 bean fhásta ar dídeanaithe iad agus 20 000 mac léinn baineann iad a chur i gcrích go rathúil. Thairis sin, d'fhreastail thart ar 55 000 dídeanaí linbh baineann ar oideachas réamh-bhunscoile a cuireadh ar fáil trí thionscadail a chistigh an tSaoráid, agus fuair 15 000 mac léinn baineann scoláireachtaí oideachais. Go sonrach, is mná iad beagnach 50 % de na múinteoirí agus na baill foirne oideachais a d'fhostaigh an tSaoráid. Ar an gcaoi chéanna, téann cláir aistrithe airgid thirim chun tairbhe do níos mó ná 1 mhilliún bean ar dídeanaithe iad, agus le haistrithe tráthrialta acmhainní neamhchoinníollacha. Thairis sin, fuair thart ar 400 000 teaghlach daltaí baineanna airgead tirim coinníollach le haghaidh tacaíocht oideachais. Ar leithligh ó chláir aistrithe airgid thirim, fuair thart ar 500 000 bean ar dídeanaithe iad seirbhísí tarchuir cosanta, agus bhain thart ar 550 000 bean ar dídeanaithe iad leas as seirbhísí cosanta trí thionscadail a chistigh an tSaoráid.

5. Faireachán, meastóireacht agus iniúchadh

In 2023, bhí tuairisciú ar éachtaí na Saoráide fós bunaithe ar Chreat Thorthaí na Saoráide[32] agus ar an Teoiric um Athrú[33]. Foilsíodh tuarascáil faireacháin is déanaí na Saoráide i mí na Nollag 2023 agus is féidir í a rochtain ar shuíomh gréasáin AS NEAR[34].

[32] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/system/files/2022-06/Facility%20Results%20Framework_Jun2022.pdf
[33] https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/document/download/99c1bfa3-1853-42ff-ae3b-59622f7bdab1_ga?filename=EU%20support%20to%20refugees%20in%20TR_Theory%20of%20Change%202024.pdf

Agus tascanna faireacháin agus tuairiscithe na Saoráide á gcur chun feidhme ag an gCoimisiún, tá tacaíocht á fáil aige fós ó fhoireann cúnaimh theicniúil (SUMAF[35]). Faoi dheireadh 2023, bhí 114 mhisean faireacháin curtha i gcrích ag an bhfoireann SUMAF. Ina theannta sin, rinneadh 12 mhisean seiceála/faireacháin ar an láthair le haghaidh tionscadail chúnaimh do dhídeanaithe[36]. Leanadh leis an bhfaireachán ar ghníomhaíochtaí na Saoráide a mhaoinítear faoi na pleananna cur chun feidhme daonnúla, agus cuireadh 89 misean faireacháin ar leibhéal an tionscadail i gcrích sa tréimhse thuairiscithe.

Rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a dara iniúchadh feidhmíochta ar an tSaoráid ó 2022 go 2023. Foilsíodh an tuarascáil iniúchóireachta, lena n-áirítear torthaí agus moltaí ón gCúirt, agus freagraí an Choimisiúin, an 24 Aibreán 2024 agus tá sí ar fáil ar líne.

6. Cumarsáid agus infheictheacht

In 2023, trí na gníomhaíochtaí leanadh le hinfheictheacht ghníomhaíochtaí na Saoráide a neartú agus próifíl an Aontais a ardú maidir leis an gcúnamh a thugann sé don Tuirc an pobal dídeanaithe a óstáil. Áirítear ar na tosaíochtaí feasacht, infheictheacht agus tuiscint a áirithiú i measc an phobail i gcoitinne, na meán, lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara eile laistigh den Aontas, den Tuirc agus den phobal idirnáisiúnta. Rinneadh laghdú sealadach ar ghníomhaíochtaí cumarsáide na saoráide sna míonna roimh thoghcháin pharlaiminteacha agus uachtaránachta mhí na Bealtaine agus lena linn mar gheall ar mhéadú géar ar reitric oifigiúil dhiúltach agus ar mheon diúltach an phobail i leith na ndídeanaithe le linn na tréimhse sin.

Ó mhí Feabhra go mí an Mheithimh, díríodh na gníomhaíochtaí cumarsáide ar fhreagairt an Aontais ar na creathanna talún tubaisteacha agus ar chúnamh an Aontais ina ndiaidh, ar tubaiste é a chuir isteach ar shaol na milliún dídeanaithe agus pobail óstacha. Mar thoradh air sin, d'aithin dhá thrian den daonra ról an Aontais (de réir pobalbhreithe i mí an Mheithimh). Bhí sé ina chuidiú freisin le cuid den reitric dhiúltach sa tréimhse roimh na toghcháin a mhaolú. Ar Lá na hEorpa i mí na Bealtaine in Ankara bhí taispeántas digiteach ar iarracht tarrthála an Aontais tar éis na gcreathanna talún, rud a bhí ina chuidiú le hinsintí an Aontais faoi dhídeanaithe a chur chun cinn. Úsáideadh roinnt grianghraf agus físeán freisin le linn imeachtaí poiblí i mí na Bealtaine sa Bhruiséil. San fhómhar, i ndlúthchomhar le hambasáidí Bhallstáit an Aontais seoladh táirgeadh an albaim grianghraf a bhí dírithe ar an iarracht tarrthála. Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí Feabhra 2024 agus beidh sé mar chuid lárnach de shraith imeachtaí cumarsáide le linn na bliana.

Thug Ceann Thoscaireacht an Aontais sa Tuirc roinnt cuairteanna ar limistéir na gcreathanna talún i rith na bliana, rud a chuir le hinfheictheacht thionscadail an Aontais do dhídeanaithe agus do phobail óstacha, lena n-áirítear mórthuras preasa chuig na limistéir a ndearna na creathanna talún difear dóibh in Urfa agus timpeall air. Thug an Ceann Toscaireachta cuairt ar

[34] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/enlargement-policy/negotiations-status/turkey/eu-facility-refugees-turkey_ga

[35]Cúnamh Teicniúil chun tacú le faireachán ar Ghníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc – IPA/2018/393-877.

[36]Figiúirí carnacha, ó 2017.

an mBruiséil trí huaire freisin in éineacht le grúpaí iriseoirí ón Tuirc, lena n-áirítear cuairt ar chomhdháil idirnáisiúnta na ndeontóirí i mí an Mhárta, rud a bhí ina chuidiú le feasacht, infheictheacht agus tuiscint ar thacaíocht an Aontais do dhídeanaithe a mhéadú. Le cuairteanna an Choimisinéara Lenarčič i mí Feabhra agus an Choimisinéara Várhelyi i mí Feabhra agus i mí Mheán Fómhair, bhíothas in ann teachtaireachtaí ón Aontas maidir le dídeanaithe agus pobail óstacha a sheachadadh chuig lucht féachana leathan agus áiríodh searmanas sínithe agus preaseisiúint maidir le síneadh a chur le tacaíocht an Aontais do bhunriachtanais i mí Mheán Fómhair.

I mí na Bealtaine 2023, sheol Toscaireacht an Aontais in Ankara tionscadal scéalta ratha ina raibh roinnt scéalta ó thionscadail a mhaoinítear faoin tSaoráid. Cuireadh iad sin in airde ar shuíomh gréasáin na Toscaireachta, fógraíodh iad ar chuntais meán sóisialta agus roinneadh iad leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile.

7. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Leanadh den tSaoráid a chur chun feidhme go pras in 2023. Rinneadh buiséad oibríochtúil iomlán na Saoráide a chur ar conradh agus eisíocadh EUR 5.3 billiún. Lean an tSaoráid de chúnamh a raibh géarghá leis a sholáthar do dhídeanaithe agus do phobail óstacha sa Tuirc. Is é is aidhm don chúnamh breise do dhídeanaithe atá leithdháilte le haghaidh 2020 go 2027 inbhuanaitheacht an mhéid atá bainte amach ag an tSaoráid a áirithiú.

Áirítear ar **na chéad chéimeanna eile**:

- *leanúint de na tionscadail uile a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach chun tairbhe na ndídeanaithe agus na bpobal óstach, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais;*
- *leanúint de ghníomhaíochtaí cumarsáide a bhaineann leis an tSaoráid a chur i bhfeidhm;*
- *Coiste Stiúrtha um an tSaoráid do Dhídeanaithe a eagrú in earrach 2025;*
- *tacaíocht bhreise do dhídeanaithe agus pobail óstacha sa Tuirc a chlársceidealú agus a chur chun feidhme chun inbhuanaitheacht an mhéid atá bainte amach ag an tSaoráid a áirithiú; agus*
- *tús a chur le díospóireacht leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa agus leis an Tuirc maidir leis na moltaí ón dara hiniúchadh oibríochtúil de chuid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an tSaoráid.*